

❖ An Lúibín ❖

4 Lúnasa 2014

TG4 sna Stáit

Tá clár de chuid TG4 le feiceáil ar *Today's Ireland* (www.todaysireland.tv/) i Meiriceá, cainéal saor poiblí a chraolann ar MHz Networks. Soláthraíonn TG4 *Comhrá* le Máirtín Tom Sheáinín, Sean-Nós le Síle Denvir, *Timpeall na Tíre* (nuacht réigiúnach) agus *Féilte: Slí an Atlantaigh* le Síle Ní Bhraonáin. Tá clár eile le teacht.

Is dóigh le TG4 go mbeidh glaoch mór ar chláir den saghas seo agus an oiread sin Gaeilgeoirí sna Stáit. Tá roinnt mhaith clár de chuid TG4 le fáil cheana, ar ndóigh, ar shuíomh an stáisiúin féin: www.tg4.ie.



Dornán dealbh

Céard a tharla don saibhreas a bhíodh le fáil in eaglaisí na hÉireann, na dealbha, na híomhánna, na seodra? An rud céanna a tharla dá leithéidí i Sasana le linn an Reifirméisín: scrios agus slad. Mhair roinnt de na dealbha cloiche ansiúd is anseo. Tá cuid mhaith dá maireann de na dealbha adhmaid cruinnithe i Músaem Deoiseach Chluain Fearthá ar chúl na hArdeaglaise: dornán agus iad go fíorálainn. Iad ag cur i gcuimhne dúinn cá mhéad den chuid eile a d'imigh le sruth na staire.

Sa mhúsaem úd tá Maighdean Mhuire Chill Chorbáin (c. 1180 AD), an dealbh adhmaid is sine in Éirinn. Dealbh Rómhánúil is ea í, Muire agus a Leanbh, agus síltear gur dealbhóir áitiúil a rinne í. Chuirtear míorúiltí ina leith, agus thóg na Doiminiceánaigh séipéal i gCill Chorbáin sa bhliain 1445 le hómós di. Tá dealbh darach de Chaitríona Naofa as Tíne i gContae na Gaillimhe ann freisin agus í déanta sa 15ú haois, brat Éireannach uirthi agus claíomh ina lámh. Deirtear go bhfuil cosúlacht mhór idir í agus dealbh chloiche den naomh i sean-Phríóireacht Agaistíneach Chluain Tuaiscirt, lámh le Cluain Fearthá. Tá Críost Céasta ann a rinneadh sa 15ú haois, dealbh eile ó Thíne.

Tá bailiúchán seanchailísí ann freisin. Ar cheann acu tá 'Matheus Mac Craith' breactha, ainm easpag Chluain Fearthá sa bhliain 1482. Tá casal ann a rinneadh i Sasana sa 15ú haois. Fuarthas é i scioból i mBaile na Cille, agus síltear gur ó bhosca aisfrinn é – araid a mbeadh éide shagartúil i dtaisce inti in aimsir na bpéindlíthe. Agus tá éide aifrinn ann a bhronn Napoléon III na Fraince ar shagart paróiste na hEachroime sa bhliain 1858 i gcuimhne ar an nGinearál St Ruth agus na saighdiúirí Francacha a fuair bás i gCath Eachroime sa bhliain 1691.

B'fhéidir go bhfuil bunús fós leis an méid a scríobh an t-ealaíontóir John Hughes in *Cuisle* (Feabhra 2000): go dteastaíonn Músaem Contae ar ardchaighdeán i gContae na Gaillimhe chun na hiarsmaí úd a chur ar taispeáint.



Fíorstaid na Gaeilge

Léachtóir le Gaeilge agus teangeolaíocht i gColáiste na hOllscoile Corcaigh is ea an Dr Aidan Foyle. Níl sé sásta leis an tuairim go buntréith de dhúchas comhaimseartha na hÉireann í an Ghaeilge.

There is a widespread belief that Irish is somehow encoded in our DNA, and all that is needed is to discover this language gene, and we'll all start speaking Irish as competently as we speak English. The bad news for Kenny [Éanna Ó Cionnaith, an taoiseach] and for the Irish people is that Irish is not "part of

what we are". It is a language that needs to be learnt from scratch. Furthermore, it is a difficult language, and one for which few modern teaching-materials exist.¹

Mar a deir sé, is dream dátheangach iad na cainteoirí dúchais deireanacha agus is fearr leo Béarla a úsáid le daoine ón taobh amuigh. Agus, ar nós Béarlóirí dúchais in áiteanna eile, níl sé de chúl ar na Éireannaigh go bhfuil siad go maith chun teangacha iasachta a fhoghlaim. Cinnte, faigheann timpeall scór mac léinn céim ó fhorais tríd leibhéal gach bliain agus Gaeilge an-mhaith acu, agus tá aithne ag Doyle ar a lán eachtrannach a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu. Ach is é a thuairim nach bhfuil a ndótháin ama, díograise agus tallainne ag formhór na ndaoine chun máistreacht a fháil ar an nGaeilge. Maidir le stádas oifigiúil na Gaeilge, is dóigh leis gur mithid athscrúdú a dhéanamh ar Airteagal 8 den Bhunreacht (agus é bunoscionn le staid na teanga mar atá sé i ndáiríre).

Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í. Glactar leis an Sacs-Bhéarla mar theanga oifigiúil eile.

Tá dream eile ar fad ann, gan dabht: searbháin atá thar a bheith sásta na sean-argóintí i gcoinne na Gaeilge a tharraingt anuas. Mar a deir an t-iriseoir Séan Tadhg Ó Gairbhí:

They usually start by observing Sayers's Law, which holds that in any discussion about the Irish language, sooner or later, someone will make a bad joke about Peig Sayers. Then they will remind us about how the zealots have hijacked the language as part of their plot to force Irish down our throats...²

Tá cuid den searbhás sin le fáil i bpíosa leis an iriseoir John Spain, ach tá roinnt céille ann freisin.³ Is díol spéise é an t-alt sin mar achoimriú ar roinnt de na hargóintí a chloistear faoin nGaeilge. Cén fáth (a deir sé) a ndúirt beagnach leath phobal na hÉireann sa daonáireamh is déanaí (2011) go raibh siad in ann Gaeilge a labhairt? Toisc gur dóigh le daoine gur mór an locht orthu gan labhairt na teanga a bheith acu, faoi mar nach fíor-Éireannaigh iad dá bharr. Is dóigh leis féin agus lena lán eile gur cheart an treise a chur ar theangacha 'tábhachtacha' ar scoil agus iad a mhúineadh le héifeacht. Faoi láthair ní féidir le comhlachtaí mór mar PayPal daoine óga a earcú in Éirinn toisc nach bhfuil na teangacha sin ar a dtoil acu. Is mór an míbhuntáiste dóibh freisin é más áil leo cur fúthu i dtíortha Eorpacha eile. Tá Spain ar an dream a shíleann nach féidir Gaeilge agus teanga eile a fhoghlaim le chéile.

Deir Spain (ar nós a lán eile) gur cóir léann cultúrtha a thabhairt isteach mar ábhar in áit na Gaeilge éigeantaí: ceol, rince, litríocht, ealaín, stair agus fiú beagán Gaeilge. Na daltaí ar mhian leo breis Gaeilge a fhoghlaim ba cheart dianchúrsaí teanga a chur ar fáil dóibh. Tá na gaelscoileanna ann dóibh siúd ar mian leo scolaíocht iomlán a fháil trí Ghaeilge, agus ba chóir na gaelscoileanna a mhaoiniú mar a mhaoinítear scoileanna eile. Ní baoh ar fad an tuairim í sin má ghlacaimid leis nach ndéanfar leasú ceart ar an nGaeilge éigeantach – leasú atá ag teastáil go géar.

Tá an ceart ag Spain agus a leithéidí nuair a deir siad gurb é an fhadhb is mó atá ann nach bhfuil beartas teanga an Stáit soiléir ar chor ar bith. Maíonn an Stát gur féidir an teanga a athbheochan. Níl sé de dhánacht sna polaiteoirí an nóisean sin a chaitheamh i gcártaí toisc gur dóigh le daoine gur beart frithnáisiúnta é. Idir an dá linn, áfach, tá athbheochan bheag eile ar siúl nár chuir an Stát ar bun ar chor ar bith.

Téimis sa seans, mar sin, le beagán tuairimíochta.

* Ós rud é nach síleann duine ar bith go bhfuil an Ghaeilge á mhúineadh le héifeacht sna scoileanna lán-Bhéarla agus nach bhfuil an toil ann chun an scéal a leasú, déanfar ábhar roghnach di i gceann deich mbliana.

¹ Aidan Doyle, 'The Irish language is not part of us – it has to be learned'. *Irish Times* 19 Iúil 2014:

<http://www.irishtimes.com/culture/heritage/the-irish-language-is-not-part-of-us-it-has-to-be-learned-1.1871158>

² Seán Tadhg Ó Gairbhí, 'The Gaeltacht's Sarah Palin moment', *Irish Times*, 23/7/2014:

<http://www.irishtimes.com/culture/treibh/the-gaeltacht-s-sarah-palin-moment-1.1875665>

³ John Spain, 'The Irish language doesn't need a minister', *IrishCentral* 25/7/2014:

<http://www.irishcentral.com/news/irishvoice/The-Irish-language-doesnt-need-a-minister.html?page=1>

* Beidh an Béarla mar phríomhtheanga na hÉireann feasta mar atá sé anois, beag beann ar Airteagal 8. Ach leanfaidh an líon Gaeilgeoirí ag dul i méid mar mhionlach, agus 10% den phobal a bheidh iontu i gceann glúine (nó dhó). Ar éigean is gá a rá go mbeidh ardstádas sóisialta acu.



Éireannaigh agus daoine gorma: an meascán mór

Admhaítear anois go mbíodh gráin ag na hÉireannaigh sna Stáit Aontaithe ar na daoine gorma a bhíodh ag dul san iomaíocht leo le haghaidh oibre. An dá dhream ar aontíos le chéile sna plódacheantair, iad ag brú aithne ar a chéile, agus an fuath ann mar sin féin. Tá léargas ar an scéal i gcuntas Stephanie Bryant, bean de shliocht Harriet Tubman, a bhí ina laoch gorm sa 19ú haois. Deir sí go raibh fonn ar na hÉireannaigh ('a race unto themselves') iad féin a dhealú amach ó dhaoine gorma.

They were competing for jobs. The lowest jobs. And there were so many Irish. They had to hate the blacks.⁴

Ach bhí taobh eile ar an scéal, mar a deir Bryant agus í de shliocht measctha í féin. Bhíodh daoine bána agus daoine gorma ag pósadh a chéile. Mná ó Éirinn is mó a phós fir ghorma i Nua Eabhrac agus i mBostún, agus faoi lár an 19ú haois b'fhéidir 'Éireannach' agus 'mulatto' a thabhairt an an duine céanna. Bhí 'mulattoes' den saghas sin le fáil i ndaonáireamh na bliana 1850.

Sampla eile den mheascán is ea Theodore Johnson, a scríobh píosa suimiúil don Huffington Post. Cuireann sé síos ar na 'hazel-eyed and blonde-haired African-Americans present at my family cookouts'.⁵ Deir sé gur chloígh na hÉireannaigh leis na nósanna a thug siad leo ó Éirinn, ach b'éigean do dhaoine gorma cultúr dá gcuid féin a fháscadh as cultúir dhifriúla Afracacha. Ní raibh deis acu náisiúntacht scoilte a chumadh dóibh féin; is Meiriceánaigh iad, fiú más de bhunadh Afracach iad.

Like most Americans, my existence is more hyphenated than any bubble on a census form or application could ever capture. Aside from my Irish and African origins, my family has Native American and Caribbean blood as well -- and that's just the branches of the tree we've uncovered. And because I'm American, I am all of those things together, and each of them separately, with freedom to express them in a nation that appreciates its cultural diversity and national loyalty.

Ní raibh fuath cine de dhíth ar Éirinn féin lenár linn. Tháinig a lán dídeanaithe ón Afraic agus bhí doicheall rompu, iad á n-ionsaí agus á maslú. Tá fianaise ann, áfach, go bhfuil athrú ann. Scoileanna ileitneacha is ea scoileanna Bhaile Átha Cliath, agus de réir a chéile tá daoine ó chúlra Gaelach, Afracach, Síneach nó Indiach ag pósadh a chéile. Ní chuirfidh sin deireadh leis an gciníochas, ach is mór an maolú é.⁶



⁴ A Conversation with Stephanie Bryant, descendant of Harriet Tubman. August 1, 2003: <http://www.yale.edu/glc/archive/1167.htm>

⁵ Theodore Johnson, 'Kiss Me, I'm 1/16 Irish: African-, Irish-, and the Hyphenated-Americans,' *Huffington Post* 15/3/2013: http://www.huffingtonpost.com/theodore-johnson/irish-african-american_b_2859225.html

⁶ Féach Palash Ghosh, 'Ireland Warmly Welcomes Obamas; But Black African Immigrants? Not So Much,' *International Business Times*, 17 Bealtaine 2013: <http://www.ibtimes.com/ireland-warmly-welcomes-obamas-black-african-immigrants-not-so-much-1310105>

Toirpéad na Gaeilge

Rugadh Lughaidh Pilib Ó Braonáin sa tSráid Mhór i gCaisleáin an Bharra i gContae Mhaigh Eo ar 25 Eanáir 1852. Clann mhór a bhí ann, cé gur cailleadh a leath agus iad óg. Tar éis an Drochshaoil chuaigh an teaghlach chun Melbourne na hAstráile agus is ann a tógadh Lughaidh. Ceapadóir nótaíle i gcúrsaí cogaidh ba ea é agus is furasta é a chur i gcomórtas le Seán Pilib Ó Maolchalann (*Holland*), Éireannach a bhí chun tosaigh ina measc siúd a cheap an fomhuireán. Bhí Gaeilge ó dhúchas aige siúd agus is dócha gurbh é an scéal céanna ag an mBraonánach é.

Bhí lámh dheas ag Ó Braonáin ar an meicnic. Chuaigh sé ag obair mar uaireadóirí agus ina dhiaidh sin mar innealtóir meicnice. Nuair a bhí sé dhá bhliain is fiche d'aois thionscnaigh sé toirpéad le haghaidh cosaint cósta. Bhí dhá lián fhrithrothlacha aige a bhí á dtiomáint ag dhá shreang chaola ar dhromaí istigh. Is éard a stiúraigh é ná oibriú difreálach sreang ar tír nó ar bord loinge agus iad á dtochras ag inneall gaile 28 each-chumhacht. Ba ghearr ina dhiaidh sin a d'aistrigh sé go Sasana, áit a bhí sé ina bhainisteoir ginearálta ar an Monarcha Rialtais um Thoirpéid a Dhéanamh in Kent. Is ann a rinneadh a thoirpéad féin idir na blianta 1880 agus 1896.

Bhí sé ag obair leis an Aireacht Armlóin idir na blianta 1910 agus 1918. Ansin chuaigh sé isteach i monarcha na nAerárthaí Ríoga in Farnborough, áit ar cheap sé heileacaptar, cé nach raibh an t-airgead ann chun é a chur chun cinn.

Leag carr é san Eilbhéis sa bhliain 1931 agus fuair sé bás dá bharr sa bhliain 1932. I Londain atá sé curtha. Bhí 38 paitinn ar a laghad aige ag an am.⁷

Ní fios an ndearna sé machnamh riamh ar an mí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as cuid de na rudaí a cheap sé. Rinne Ó Maolchalann an machnamh sin, ach faoin am sin bhí sé ródhéanach.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au .

⁷ Féach píosa le Brian Hoban: 'Brennan's Torpedo,' *Irish America*, April / May 2014: <http://irishamerica.com/2014/03/brennans-torpedo/>

Leaganacha simplithe

Fíorstaid na Gaeilge

Léachtóir le Gaeilge agus teangeolaíocht i gColáiste na hOllscoile Corcaigh is ea an Dr Aidan Foyle. Scriobh sé alt le déanaí agus deir sé ann nach buntréith⁸ de phobal na hÉireann í an Ghaeilge. A mhalairt ar fad. Is teanga í a chaithfidh daoine a fhoghlaim as an nua. Tá scoth Gaeilge ag roinnt céimithe Éireannacha, agus tá aithne ag Doyle ar a lán eachtrannach a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu. Ach is é a thuairim nach nach féidir leis an gcuid is mó de na daoine máistreacht a fháil ar an nGaeilge toisc nach bhfuil a ndótháin ama, díograise agus tallainne acu.

Maidir le stádas oifigiúil na Gaeilge, is dóigh leis gur ceart athscrúdú⁹ a dhéanamh ar Airteagal 8 den Bhunreacht. Deir an tAirteagal gur í an Ghaeilge an teanga náisiúnta agus gurb í an phríomhtheanga oifigiúil í. Ach níl sé sin fíor i ndáiríre.

Tá daoine eile ann, daoine searbha nach maith leo an Ghaeilge. Tá daoine ciallmhara ann freisin nach bhfuil sásta leis an dóigh a bhfuil an Ghaeilge á cur chun cinn. Deirtear go bhfuil náire ar mhórán daoine toisc nach bhfuil siad in ann an teanga a labhairt. Deirtear freisin gurbh fhearr béim a chur ar theangacha eile ar scoil. Bheadh níos mó postanna ar fáil dá bharr.

Deirtear gurbh fhearr an Gaeilge éigeantach a chaitheamh i gcártaí¹⁰ agus léann cultúrtha a thabhairt isteach mar ábhar ina áit. Na daltaí ar mhian leo breis Gaeilge a fhoghlaim ba cheart dianchúrsaí teanga a chur ar fáil dóibh. Ba cheart na gaelscoileanna a mhaoiniú ar nós scoileanna eile.

Níl beartas teanga an Stáit soiléir. Idir an dá linn, áfach, tá athbheochan bheag eile ar siúl nár chuir an Stát ar bun ar chor ar bith.

Éireannaigh agus daoine gorma: an meascán mór

Bhíodh gráin ag na hÉireannaigh sna Stáit Aontaithe ar dhaoine gorma,¹¹ toisc go raibh siad féin agus daoine gorma ar lorg na hoibre céanna. B'obair shuarach í. Ach bhí taobh eile ar an scéal, mar bhí an dá dhream ina gcónaí sna plódcheantair¹² chéanna agus phósáidís a chéile. Mná ó Éirinn is mó a phós fir ghorma i Nua Eabhrac agus i mBostún. Faoi lár an 19ú haois bhí a lán daoine de shliocht measctha ann dá bharr.

Tá sliocht na ndaoine sin ann fós. Scriobh duine acu, Theodore Johnson, alt suimiúil don Huffington Post. Cuireann sé síos ar na 'hazel-eyed and blonde-haired African-Americans present at my family cookouts'. Deir sé gur chloígh na hÉireannaigh leis na nósanna a thug siad leo ó Éirinn, ach gurbh éigean do dhaoine gorma cultúr nua a dhéanamh dóibh féin as cultúir dhifriúla Afracacha. Ní raibh náisiúntacht scoilte acu. Is Meiriceánaigh iad.

Is de shliocht an-mheasctha Johnson féin. Baineann a shinsir le hÉirinn, leis an Afraic, le Muir Chairib¹³ agus le hIndiaigh Mheiriceá. Tá meas aige, mar Mheiriceánach, ar gach craobh dá ghinealach.

In Éirinn bhí doicheall roimh dhídeanaithe ón Afraic agus roimh eachtrannaigh eile. Ach tá athrú ag teacht ar an scéal de réir a chéile. Tá daoine ó chúlra Gaelach, Afracach, Síneach nó Indiach ag pósadh a chéile.

⁸ Buntréith – essential element

⁹ Athscrúdú - revision

¹⁰ Caitheamh i gcártaí - discard

¹¹ Daoine gorma – black people

¹² Plódcheantair - slums

¹³ Muir Chairib – the Caribbean